II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

## CINNEADH (AE) 2022/1987 ÓN gCOMHAIRLE

**an 13 Deireadh Fómhair 2022**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 209, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Samhain 2004, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht leis an Malaeisia i ndáil le Creat-Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile (an "Comhaontú").

(2) Tugadh an chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú i gcrích go rathúil nuair a cuireadh inisealacha leis an gComhaontú an 6 Aibreán 2016 in Putrajaya na Malaeisia.

(3) Dheimhnigh na hidirbheartaithe a gcomhthuiscint, i gcomhréir le Bunreacht Chónaidhme na Malaeisia, go bhfuil sé beartaithe ag Rialtas na Malaeisia, trína shíniú, ceangal a chur ar an Malaeisia ina hiomláine i ndáil leis an gComhaontú.

(4) Is é cuspóir an Chomhaontaithe comhpháirtíocht neartaithe idir an tAontas agus an Mhalaeisia a bhunú agus comhar a dhoimhniú agus a fheabhsú maidir le saincheisteanna leasa fhrithpháirtigh, lena n-áirítear cearta an duine, neamhleathadh arm ollscriosta, comhrac na sceimhlitheoireachta, an comhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe, trádáil, imirce, an comhshaol, fuinneamh, an t-athrú aeráide, iompar, eolaíocht agus teicneolaíocht, fostaíocht agus gnóthaí sóisialta, oideachas agus talmhaíocht.

(5) Mar sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ag tráth níos faide anonn,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déantar leis seo síniú an Chreat-Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile (an "Comhaontú"), a fhormheas thar ceann an Aontais, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe ([1]).

([1]) Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

*Airteagal 2*

Údaraítear leis seo d'Uachtarán na Comhairle an duine nó na daoine a ainmniú a bhfuil sé de chumhacht aige nó acu an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 13 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
P. BLAŽEK